

# Measúnachtaí Comhshaoil agus Pleanáil in Éirinn



Bileog Phleanála 11

Oifig an Rialaitheora Pleanála
Office of the Planning Regulator

An Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta
Department of Housing, Local Government and Heritage



# Measúnachtaí Comhshaoil agus Pleanáil in Éirinn

Tá measúnachtaí ar shaincheisteanna comhshaoil sa phróiseas pleanála, i dtaca le pleananna a ullmhú agus freisin i dtaca le cinneadh a dhéanamh maidir le hiarratais agus achomhairc pleanála, i bhfad níos coitianta le blianta beaga anuas in Éirinn. Tarlaíonn sé seo mar fhreagra ar dhúshláin phráinneacha agus freisin riachtanais faoin dlí AE agus náisiúnta.

## Réamhrá

Tá an bhileog seo ceaptha le bheith ina threoir phraiticiúil ar thrí cinn de na measúnachtaí is coitianta:

- **Measúnacht Straitéiseach Timpeallachta (SEA)**, a dhéantar ag leibhéal an bheartais nuair a bhíonn pleananna (pleananna forbartha, pleananna ceantair áitiúil, etc.) á bhforbairt;
- **Measúnacht Tionchair Timpeallachta (EIA)**, a dhéantar ag an céim measúnachta an togra (iarratas pleanála/toiliú); *agus*
- **Measúnacht Chuí (AA)**, a mheastar ag céimeanna an phlean agus an togra araon.

Tá na measúnachtaí seo, chomh maith le riachtanais comhshaoil eile lena n-áirítear uisce, cáilíocht aeir agus bainistíocht dramhaíola, ceaptha lena chinntiú go mbeidh pleanáil agus forbairt cheart bunaithe ar phrionsabail na forbartha inbhuanaithe.

Ní léirmhíniú deifnídeach dlí an bhileog seo. Tá an dlí i dtaca leis na measúnachtaí thuas mionsonrach agus má tá amhras ar bith ort, ba chóir duit dul i dteagmháil le d'údarás pleanála áitiúil (comhairle cathrach nó contae) agus/nó gairmeoirí atá cáilithe mar is cuí.

## Measúnacht Straitéiseach Timpeallachta

### 1. Cad is Measúnacht Straitéiseach Timpeallachta ann?

Próiseas is ea Measúnacht Straitéiseach Timpeallachta (SEA) chun meastóireacht a dhéanamh ar na hiarmhairtí timpeallachta ag pleananna nó cláir áirithe, lena n-áirítear pleananna forbartha agus sa limistéar pleanála spásúil. Déanann sé seo deimhin de go ndéantar aon tionchair ionchasacha ar an timpeallacht a mheas ar leibhéal straitéiseach.

Le Treoir SEA an AE, trasuite i ndlí na hÉireann, leagtar amach riachtanais éagsúla i gcur chun críche SEA, agus leagtar amach roinnt de na príomhghnéithe díobh sin i réimse déanta pleananna i g Ceist 3.

D'fhoilsigh an tAire Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta treoirlínte reachtúla i dtaca le SEA a dhéanamh i sa réimse déanta pleananna i mí an Mhárta 2022, ag teacht in ionad na treorach roimhe a foilsíodh ar dtús in 2004. Leagann na treoirlínte béim níos fearr ar phríomhghnéithe an SEA lena n-áirítear scagadh don SEA, scóip éifeachtach le linn SEA, aghaidh a thabhairt ar leasuithe déanacha sa phróiseas SEA agus a chinntiú go ndéantar monatóireacht ar éifeachtaí an chur chun feidhme den phlean ar an gcomhshaol ar feadh shaolré an phlean. Tá na treoirlínte ar fáil ag an nasc seo a leanas:

https://www.opr.ie/wp-content/uploads/2022/03/SEA-GUIDELINES_-lowres.pdf

### 2. Cén fáth a bhfuil gá le SEA?

Tugann SEA treoir do phleananna nó cláir trína mheas cén roghanna is fearr a shuíonn le beartais agus oibleagáidí comhshaoil níos leithne amhail athrú aeráide, uisce, cáilíocht aeir agus bithéagsúlacht.

Ina theannta sin, tá an próiseas déanta pleananna ceaptha le rannpháirtíocht a chur chun cinn do na saoránaigh, grúpaí agus eagraíochtaí go léir a d'fhéadfadh leasanna agus feidhmeanna comhshaoil ar leith a bheith acu. Cuidíonn SEA leis na páirtithe leasmhara go léir sa phróiseas déanta pleananna a chur ar an eolas chun beartais pleanála atá níos iontaofa a bhaint amach.

## 3. Cad iad na príomhghnéithe den phróiseas SEA?

Nuair atá sé socraithe go n-éilíonn plean go dtabharfaí faoi SEA, tosaíonn an próiseas le céim tosaigh scóipeála, chun cuidiú leis an raon de shaincheisteanna comhsaoil a shainaithint ba chóir a chlúdach ag an bpróiseas SEA agus sa tuarascáil ar a dtugtar Tuarascáil Chomhshaoil.

De réir mar a ullmhaítear dréachtphleananna ullmhaítear Tuarascáil Chomhshaoil freisin mar chuid lárnach den phróiseas chun cuidiú le tionchair comhshaoil is dócha a bheidh ann a shainaithint agus chun bonn a chur leis an bpróiseas déanta pleananna.

Cinntíonn sé seo go dtugtar aghaidh ar aon shaincheisteanna comhshaoil a thagann chun cinn as an bpróiseas SEA i bhforbairt an phlean.

Tá gá le comhairliúchán freisin leis an bpobal agus le húdaráis comhshaoil don Tuarascáil Chomhshaoil SEA agis don dréachtphlean. B'fhéidir go mbeidh gá freisin le comhairliúchán trasteorann le riaracháin eile, faoi riachtanais an dlí idirnáisiúnta, más rud é go bhféadfaidh an plean tiochar a imirt ar an riarachán sin.

Ní mór don údarás pleanála machnamh a dhéanamh ar an Tuarascáil Chomhshaoil SEA agus freisin ar an haighneachtaí a dhéantar le linn an phróisis chomhairliúcháin sula gcinnfear cé acu



an nglacfar leis an dréachtphlean nó an leasófar é. Agus cinneadh á dhéanamh ar an bplean, ní mór don údarás pleanála a leagan amach cé mar a chuaigh an SEA i gcion ar a chinneadh agus freisin ní mór dó aontú córais monatóireachta a chur i bhfeidhm lena sheiceáil go bhfuil forálacha comhshaoil an phlean ag obair, i ndiaidh don phlean a bheith glactha.

## Measúnacht Tionchair Timpeallachta

### 4. Cad is Measúnacht Tionchair Timpeallachta ann?

Is éard is Measúnacht Tionchair Timpeallachta (EIA) ann próiseas measúnachta ar iarmhairtí bheartas togra nó forbartha ar an gcomhshaol. I réimse na pleanála, déanann údarás pleanála nó an Bord Pleanála é le linn an mheasúnaithe ar iarratais ar chead pleanála, ag cur Tuarascáil ar Mheasúnacht Tionchair Timpeallachta (EIAR) san áireamh. Is éard is EIAR ann tuarascáil nó ráiteas ar na hiarmhairtí, más ann dóibh, a bheadh ag an dtogra beartaithe ar an gcomhshaol, dá gcuirfí i gcrích é. Ní mór an EIAR a ullmhú ag an bhforbróir nó ar a s(h)on, ag saineolaithe cáilithe agus cumasacha. Cuireann an EIAR bonn leis an bpróiseas EIA.

Déanann EIA sainaithint, cur síos agus measúnú ar iarmhairtí díreacha agus indíreacha ag togra beartaithe i dtaca leis na tosca comhshaoil seo a leanas:

a. daonra agus sláinte an duine,
b. bithéagsúlacht, le béim ar leith ar speicis agus gnáthóga atá faoi chosaint faoi Threoracha AE,
c. talamh, ithir, uisce, aer agus aeráid,
d. sócmhainní ábhartha, oidhreacht chultúrtha agus an tírdhreach, *agus*
e. an idirghníomhaíocht idir na tosca a luaitear in (a - d).

Ní mór leochaileacht an tionscadail i leith rioscaí mórthionóiscí agus/nó tubaistí a bhaineann leis an tionscadal atá beartaithe a áireamh sa mheasúnú ar na héifeachtaí a bhfuiltear ag súil leo

Is é cuspóir EIA an comhshaol a chosaint trína chinntiú sula gcinnfear cé acu an mbronnfar cead pleanála do thogra forbartha, go dtuigeann an t-údarás pleanála nó an Bord Pleanála go hiomlán na hiarmhairtí suntasacha is dócha a bheidh aige ar an gcomhshaol agus go bhfuil siad son curtha san áireamh agus an cinneadh á dhéanamh.

D’fhoilsigh an tAire Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta treoirlínte reachtúla maidir le EIA a chur i gcrích i mí Lúnasa 2018 agus tá siad ar fáil ag an nasc seo a leanas:

https://www.opr.ie/wp-content/uploads/2019/08/2018-Environmental-Impact-Assessment-1.pdf

## 5. Conas a chuirtear EIA i gcrích?

Tá cúig chéim sa phróiseas EIA mar seo a leanas:

i. Déanann an forbróir Tuarascáil ar Mheasúnacht Tionchair Timpeallachta (EIAR) a ullmhú agus a chur isteach leis an iarratas pleanála. Ní mór sonraí a fhoilsiú san fhógra nuachtáin agus fógra láithreáin a ghabhann leis an iarratas pleanála;
ii. Ní mór don údarás pleanála comhairliúcháin a dhéanamh, ena n-áirítear comhairliúchán poiblí;
iii. Ní mór don údarás pleanála scrúdú a dhéanamh ar an EIAR, aon eolas breise a chuireann an forbróir ar fáil agus aon eolas ábhartha a fhaightear trí chomhairliúcháin;
iv. Ní mór don údarás pleanála breithiúnas réasúnta a sholáthar maidir le hiarmhairtí sintasacha an togra ar an gcomhshaol, ag cur san áireamh torthaí an scrúdaithe agus, más cuí, a scrúdú breise féin; *agus*
v. Ní mór an breithiúnas réasúnta a chomhtháthú ansin le cinneadh an údaráis phleanála.

Laistigh de na céimeanna thuas, is féidir ionchuir thábhachtacha eile a bheith ann amhail scagthástáil do EIA agus scóip EIAR a chinneadh. Pléitear leo sin i gCeisteanna 8 agus 12 thíos.

## 6. Cathain a bhíonn EIA éigeantach?

Tá cur i bhfeidhm EIA éigeantach do na cineálacha forbartha atá liostaithe i gCuid 1 nó Cuid 2 de Sceideal 5 de na Rialacháin um Pleanáil agus Forbairt 2001, mar a leasaíodh. Forbairtí is ea iad seo a meastar a mbeidh tionchair shuntasacha acu ar an gcomhshaol. Airítear le samplaí de thograí stáisiúin chumhachtá áirithe, aerphoirt, iarnróid, calafoirt, gníomhaíochtaí miondiúscartha dramhaíola agus líne cumhachta lasnairde áirithe, feirmeacha muc agus éanlaithe agus forbairtí níos mó sa tithíocht (>500 áitreabh) agus sa mhiondíol (> 10,000 méadar cearnach d'achar).

Tá EIA éigeantach freisin do chatagóirí áirithe d'athruithe nó síntí ar fhorbairt atá ann cheana, mar shampla, síneadh ar fheirm muc thar mhéid áirithe.

## 7. Cathain a bhíonn gá le EIA d'fhorbairt fothairsigh?

Cuid de ne ranganna forbartha atá liostaithe i Sceideal 5 thuas, tá tairsigh acu a bhfuil riachtanas éigeantach do EIA os a gcionn. Má tá forbairt atá beartaithe liostaithe mar rang forbartha ach go bhfuil sé faoin tairseach, déantar tagairt dó mar fhorbairt fothairsigh.

Sna cásanna seo, ní mór don údarás pleanála a mheas cé acu an dócha go mbeidh aon tionchair shuntasacha ar an gcomhshaol ba chóir a mheas tríd an bpróiseas EIA. Tugtar 'Scagthástáil EIA' air seo.

## 8. Scagthástáil EIA

Do chásanna atá réasúnta simplí, is féidir scagthástáil a dhéanamh trí 'réamhscrúdú' ar an togra. Ach má tá amhras ar bith cé acu an bhfuil gá le EIA nó nach bhfuil, ní mór próiseas níos mionsonraithe ar a dtugtar 'scagthástáil' a dhéanamh agus a chur i

gcrích le 'cinneadh scagthástála' ag an údarás cumasach (i.e. an t-údarás pleanála sa chás seo). Is é an t-údarás pleanála a dhéanann an cinneadh cé acu an bhfuil gá le réamhscrúdú nó cinneadh scagthástála de dhíth.

Ní gá aon doiciméadú breise a chur isteach leis an iarratas más féidir an togra a mheas faoi 'réamhscrúdú'. Má tá gá le 'cinneadh scagthástála', ní mór don bhforbróir eolas áirithe, ar a dtugtar Tuarascáil Sceideal 7A Report nó Tuarascáil Scagthástála EIA a chur isteach chuig an údarás pleanála.

Ní mór don údarás pleanála freisin fógra a thabhairt don bhforbróir faoina chinneadh má tá cinneadh scagthástála déanta aige, agus ní mór é seo a dhéanamh laistigh d'ocht seachtaine (ach amháin do chúinsí eisceachtúla). Níl aon riachtanas dá leithéid ann i gcás réamhscrúdaithe.

Agus cinneadh á dhéanamh aige i dtaca le scagthástáil do EIA, déanfaidh an t-údarás pleanála na rudaí seo a mheas:

(a) saintréithe na forbartha beartaithe (lena n-áirítear scála, leagan, úsáid acmhainní nádúrtha, táirgeadh dramhaíola, truailliú agus an chontúirt go dtarlóidh timpistí móra);
(b) an suíomh atá beartaithe (lena n-áirítear íogaire comhshaoil agus acmhainn ionsúcháin); *agus*



(c) cineál agus saintréithe na dtionchar ionchasach (lena n-áirítear méid an achair a rachfar i dtionchar air, scála an tionchair, cén dóchúlacht go dtarlóidh an tionchar agus fad tionchair ar bith).

Má chinneann an t-údarás pleanála **nach bhfuil aon fhíordhóchúlacht de thionchair shuntasacha** ar an gcomhshaol, ansin níl gá le EIA (nó EIAR).

Má chinneann an t-údarás pleanála decides **go bhfuil fíordhóchúlacht ann de thionchair shuntasacha** ar an gcomhshaol ansin ní mór don bhforbróir EIAR a ullmhú agus a chur isteach, agus ní mór don údarás pleanála EIA a dhéanamh.

I gcás achomharc leis an mBord Pleanála, ní mór scagthástáil EIA a dhéanamh freisin, más ábhartha, fiú má tá an próiseas déanta cheana ag an údarás pleanála. Sna cásanna seo is féidir fógra faoin toradh ar chinneadh scagthástála a thabhairt don bhforbróir roimh an gcinneadh faoin achomharc pleanála de bharr na bhfrámaí ama éagsúla atá i gceist.

Tá tuilleadh faisnéise agus treorach ar scagadh EIA arna fhoilsiú ag an OPR ar fáil ag an nasc seo a leanas: publications.opr.ie/view-file/66



### 9. Cad is iarratas ar chinneadh scagthástála agus conas a dhéantar é?

Is féidir iarratas ar leith ar chinneadh scagthástála a dhéanamh leis an údarás pleanála neamhspleách ar an bpróiseas d'iarratas pleanála. Ní mór don údarás pleanála cinneadh a eisiúint laistigh de thréimhse reachtúil trí seachtaine nó ceithre seachtaine (ag brath ar na cúinsí). Más rud é nach n-aontaíonn an t-iarrthóir leis an toradh, nó más rud é nár eisigh an t-údarás pleanála a chinneadh laistigh den tréimhse reachtúil, is féidir an scéal a chur faoi bhráid an Bhoird Phleanála le hathbhreithniú.

Faoin bpróiseas seo, ní mór don údarás pleanála nó an Bord Pleanála scagthástáil do Mheasúnacht Chuí (féach Ceist 20 thíos) a dhéanamh ag an am céanna.

### 10. An féidir le ball den phobal cinneadh scagthástála a iarraidh i dtaca le forbairt de chuid údaráis áitiúil?

Is féidir le haon duine iarratas a dhéanamh leis an mBord Pleanála ar chinneadh scagthástála má tá sé ar intinn ag údarás áitiúil forbairt a dhéanamh agus má mheasann sé/sí gur dócha go mbeadh tionchair shuntasacha ag an bhforbairt ar an gcomhshaol.

### 11. An bhfuil feidhm le forálacha na bhforbairtí díolmhaithe ar fhorbairt a bhfuil gá aige le EIA?

Níl feidhm leis na forálacha a bhaineann le díolúine ón ngá le cead pleanála a fháil (forbairt dhíolmhaithe) má tá gá le EIA.

### 12. Cad atá i gceist leis an bpróiseas scóipe?

Is féidir le forbróir freis iarraidh ar an údarás pleanála léargas a thabhairt ar an eolas is dócha a bheidh tábhachtach le linn EIA – tugtar 'scóipeáil' air seo. Ba chóir don tuairim scóipe an raon agus leibhéal mionsonraí atá de dhíth san EIAR a leagan amach. Má fhaightear a leithéid d'iarratas, ní mór don údarás pleanála fógra a thabhairt do chomhlachtaí sainithe agus a dtuairimí a lorg laistigh de sheithre seachtaine ón bhfógra sin. Faoi réir eolais iomleor a bheith aige, tá trí seachtaine eile ag an údarás pleanála le tuairim scóipe scríofa a thabhairt.

Níl aon oibleagáid do rannpháirtíocht an phobail ag an bpointe seo. Mar sin féin, féadfaidh forbróirí dul i mbun a gcuid comhairliúcháin phoiblí neamhfhoirmiúla féin sula ndéanann siad iarratas ar thuairim scóipe.

### 13. Cad is Tuarascáil ar Mheasúnacht Tionchair Timpeallachta (EIAR) ann?

Doiciméad is ea EIAR a thugann eolas maidir leis an tionchar (nó na tionchair) díreach agus indíreach is dócha a bheidh ag togra beartaithe ar an gcomhshaol. Ní mór EIAR a bheith ullhaithe ag an bhforbróir nó thar ceann an fhorbróra ag saineolaithe cáilithe agus cumasacha, agus ní mór do chinnteoirí a dheimhniú go bhfuil saineolas a dhóthain acu leis an EIAR a scrúdú.

I gcoitinne, ba chóir go n-áireodh an EIAR na nithe seo a leanas:

- cur síos ar an togra, lena n-áirítear eolas faoin láithreán, dearadh, méid agus aon ghnéithe ábhartha eile den togra;
- cur síos ar na tionchair shuntasacha is dócha a bheidh ag an togra ar an gcomhshaol;
- cur síos ar thréithe an togra agus/nó na bearta a shamhlaítear (más ann dóibh) chun drochthionchair shuntasacha is dócha a bheidh ar an gcomhshaol a sheachaint, a chosc nó a laghdú agus, más féidir, a chúiteamh;
- cur síos ar na roghanna eile a scrúdaíodh a bhaineann leis an togra agus léiriú ar na príomhchúiseanna leis an rogha a rinneadh, ag cur san áireamh tionchair an togra ar an gcomhshaol;
- aon fhaisnéis bhreise a bhaineann le saintréithe sonracha an tionscadail agus na gnéithe comhshaoil ar dócha go mbeidh tionchar orthu, *agus*
- achoimre neamhtheicniúil.

Ní mór liosta tagartha a bheith san EIAR freisin ina sonraítear na foinsí a úsáideadh agus liosta de na saineolaithe a chuidigh leis an EIAR, lena n-áirítear a n-inniúlachtaí.

## 14. Conas is féidir le baill an phobail páirt a ghlacadh sa phróiseas EIA?

Leis an bpróiseas EIA ceadaítear méid mór de rannpháirtíocht an phobail. Is féidir an EIAR a scrúdú ag oifigí an údaráis phleanála chuí agus is féidir cóip a cheannach ansin. Tugtar fógra don phobal faoi aon iarratas pleanála a bhfuil EIAR ag gabháil leis trí na bealaí seo a leanas:

- na fógraí poiblí a fhoilsíonn an forbróir;
- na liostaí seachtainiúla d'iarratais phleanála fhoilsíonn an t-údarás pleanála;
- rochtain ar shonraí iarratais trí shuíomh gréasáin an údaráis phleanála agus trína n-oifigí; *agus*
- tairseach tiomnaithe na Roinne Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta, **EIA Portal**, ar a liostaítear sonraí faoi na hiarratais EIA go léir ar údaráis chumasacha éagsúla in Éirinn, lena n-áirítear iad siúd ar údaráis phleanála.

Tá tréimhse cúig seachtaine ag baill an phobail ón uair a fhaightear iarratas pleanála chun aighneachtaí a dhéanamh leis an údarás pleanála. Is é €20 an táille riachtanach agus ní mór don údarás pleanála aon aighneachtaí a fhaightear laistigh den teorainn ama agus a bhfuil an táille leo a mheas ina chinneadh.

## 15. An dtabharfar fógra dom faoin gcinneadh maidir le hiarratas pleanála i gcásanna ina bhfuil EIAR i gceist?

Cuirfidh an t-údarás pleanála a chinneadh in iúl do na daoine go léir a rinneadh aighneacht bhailí. Is féidir le ball ar bith den phobal a rinne aighneacht bhailí cinneadh an údaráis phleanála a achomharc leis an mBord Pleanála.

I ndiaidh athruithe le déanaí ar reachtaíocht pleanála, ní mór bronnadh ceada níos mó

eolais a áireamh ná mar a bhíodh roimhe, lena n-áirítear:

- breith réasúnta an údaráis áitiúil maidir le tionchair shuntasacha ar an gcomhshaol;
- aon choinníollacha comhsaoil atá ceangailte;
- cur síos ar aon ghnéithe agus bearta a shamhlaítear le drochthionchair shuntasacha ar an gcomhshaol a sheachaint, a chosc nó a laghdú agus, más féidir, a chúiteamh; ('bearta maolaithe'); *agus*
- bearta monatóireachta, más cuí.

Ní mór d'aon chinneadh le forbairt a dhiúltú na príomhchúiseanna leis an diúltú a lua freisin.

Ní mór don údarás pleanála machnamh cúramach a dhéanamh ar chur chun críche an phróisis EIA cé acu an dócha go mbeidh tionchair shuntasacha ag an bhforbairt bheartaithe ar an gcomhshaol i ndiaidh bearta maolaithe a chur san áireamh.

Ach is féidir cead pleanála a bhrinnadh fós, fiú má shainaithnítear roinnt tionchar diúltach, toisc go gcaithfidh an t-údarás pleanála an breith seo a mheá i gcoinne na n-argóintí i bhfábhar na forbartha.

Mar sin, ní gá go dtuigfí le measúnacht dhiúltach go gcaithfear cead a dhiúltú do thogra beartaithe (tá sé seo éagsúil le próiseas na Measúnachta Cuí, a tugtar cur síos air thíos i gCeist 17). Ina theannta sin, mar atá in aon chás de bhronnadh cead pleanála, le bronnadh an cheada ní bhaintear oibleagáidí nó riachtanais reachtúla an fhorbróra faoi aon achtuithe nó rialacháin reachtúla eile.





### 16. Measúnacht Tionchair Timpeallachta agus Measúnacht Chuí

I neart cásanna áireofar le hiarratas ar thoiliú forbartha EIA faoin Treoir EIA agus Measúnacht Chuí (AA) curtha i gcrích faoin Treoir maidir le Gnáthóga. Is éard atá in EIA measúnacht iomlánaíoch ar an tionchar féideartha ar an gcomhshaol ina iomláine, ach is measúnacht shonrach é AA ag plé le limistéir ainmnithe atá íogair ó thaobh na héiceolaíochta de. Cé gur féidir roinnt rudaí a bheith i gcoitinne idir an dá mheasúnacht seo, tá difríochtaí suntasacha ann freisin.

## Measúnacht Chuí

### 17. Cad is Measúnacht Chuí ann?

Is éard is Measúnacht Chuí (AA) ann staidéar mionsonraithe ar na tionchair is dócha a bheidh ag plean **nó** togra beartaithe ar an éiceolaíocht de shuíomh Eorpach ainmnithe (ar a dtigtar suíomh Natura 2000 freisin).

Ní féidir plean nó togra a cheadú ach amháin nuair is féidir a léiriú gan dabht eolaíochtúil réasúnta, nach nbeidh tionchar diúltach aige ar shláine suímh Natura 2000.

Leis an Treoir maidir le hÉin (1979) agus an Treoir maidir le Gnáthóga (1992) ón Aontas Eorpach bunaíodh an líonra Natura 2000 de shuíomhanna den tábhacht bithéagsúlachta ab airde do ghnáthóga agus speicis neamhchoitianta agus i mbaol ar fud an AE.

D'fhoilsigh an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta treoir náisiúnta d'údaráis phleanála maidir le AA ar phleananna agus tograí in Éirinn in 2009, rinneadh é a nuashonrú in 2010 agus tá sé ar fáil ag an nasc seo a leanas:

http://www.npws.ie/sites/default/files/publications/pdf/NPWS_2009_AA_Guidance.pdf

### 18. Cé a dhéanann AA do phleananna agus tograí?

Tá pleananna agus tograí araon faoi réir an phróisis AA. I gcás pleananna, amhail

pleanananna forbartha nó pleanananna ceantair áitiúil contae agus cathrach, cuirtear an próiseas i gcrích ag an údarás pleanála, nach mór a bheith sásta nach mbeadh drochthionchar ag an bplean ar shláine suímh Natura 2000 sula nglacfar leis an bplean.

I gás tograí, cuirtear an próiseas AA i gcrích ag an údarás pleanála nó ag an mBord Pleanála roimh chinneadh cé acu an mbronnfar cead cead pleanála nó nach mbronnfar. Más ábhartha, ní mór AA a bheith curtha i gcrích ag an mBord Pleanála ar achomharc, fiú má tá sé déanta cheana ag an údarás pleanála.

## 19. Cad is suíomh Natura 2000 ann?

Is éard is Natura 2000 ná líonra uile-Eorpach de shuíomhanna a bhfuil tábhacht éiceolaíochta leo. Suíomh is ea suíomh Natura 2000 atá ainmnithe mar limistéar cosanta dúlra mar chuid den líonra. TáTá dhá chineál de shuíomh Natura 2000 atá faoi réir ag Measúnacht Chuí. Is iad sin Limistéir faoi Chaomhnú Speisialta (SACs) agus Limistéir faoi Chosaint Speisialta (SPAs). Limistéir ainmnithe is ea iad seo chun gnáthóga agus speicis áirithe a chosaint agus a chaomhnú. Ag gach suíomh Natura 2000 tá cuspóirí caomhnaithe a bhaineann go sonrach leis an suíomh a fhéachann le cúinsí caomhnaithe fabhracha a shainmhíniú do ghnáthóg nó speiceas áirithe ag an suíomh sin.

Ní bhaineann Measúnacht Chuí ach le SACs agus SPAs. Ní bhaineann sé le limistéir éiceolaíochta ainmnithe eile amhail Limistéir Oidhreachta Dúlra nó Páirceanna Náisiúnta.

## 20. Cad is scagthástáil do AA ann?

Leis an bpróiseas scagthástála cinntear cé acu an n-éilíonn nó nach n-éilíonn plean nó togra AA ar na tionchair shuntasacha is dócha a bheidh ar shuíómh Natura 2000. Le go ndéanfar plean nó togra a scagadh amach ó AA a éileamh, ní mór a chruthú gan amhras eolaíochtúil, nach dócha go mbeidh aon tionchar shuntasacha mar thoradh ar an bplean nó togra beartaithe a chur i bhfeidhm.

Ní féidir brath ar bhearta maolaithe chun teacht ar an mbreith sin. Má tá aon amhras, ansin ba chóir an plean nó an togra a scagadh isteach agus ní mór AA iomlán a dhéanamh.

Tá tuilleadh faisnéise agus treorach ar scagadh AA arna fhoilsiú ag an OPR ar fáil ag an nasc seo a leanas: www.opr.ie/wp-content/uploads/2021/03/9729-Office-of-the-Planning-Regulator-Appropriate-Assessment-Screening-booklet-15.pdf

## 21. Cad a tharlaíonn má tá gá le AA do phlean?

Bíonn scagthástáil AA do phleananna in éineacht le hullmhúchán an Pháipéir Saincheisteanna.

Tá AA de dhíth má tá se de chumas ag plean tionchar suntasach a bheith aige ar an líonra Natura 2000, nó má tá na tionchair éiginnte. Má tá AA de dhíth do phlean, ní mór Tuarascáil ar Thionchar Natura (NIR) a ullmhú la déileáil le himpleachtaí an phlean, leis féin nó i gcomhar le pleananna nó tograí

eile, ar an líonra Natura 2000. Pléann an NIR le saincheisteanna lena n-áirítear maolú, roghanna malartacha, IROPI agus bearta cúitimh, de réir mar is gá. Cuirtear an NIR ar taispeáint leis an dréachtphlean nar chuid den phróiseas comhairliúcháin phoiblí.

Cuireann an próiseas AA bonn le bunú bheartais agus cuspóirí na bpleananna agus na cinntí a dhéantar ina leith seo.

Ní mór don phlean deiridh ráiteas a áireamh a dhéanann achoimre ar an gcaoi ina bhfuil na ceisteanna éiceolaíochta i dtaca le suíomhanna Natura 2000 comhtháithe sa phlean agus ráiteas deiridh AA.

## 22. Má tá AA de dhíth do bheart togra nó forbartha cén doiciméadú is gá a chur isteach?

Má tá AA de dhíth do bheart togra nó forbartha,ní mór don iarrthóir Ráiteas faoi Thionchar Natura (NIS) a chur isteach chuig an údarás pleanála (mar údarás cumasach chun críche na cinnteoireachta faoi na Treoracha). Staidéar eolaíochtúil is ea é seo ar an tionchar is dócha a bheidh ag an bhforbairt atá beartaithe ar shláine an tsuímh Natura 2000 a d'fhéadfaí dul i gcion air.

Tá deis ag baill an phobail aighneacht a dhéanamh leis an údarás pleanála le linn na tréimhse somhairliúcháin cúig seachtaine.

Ní mór don údarás pleanála ansin machnamh a dhéanamh ar an NIS, aon eolas ábhartha eile a cuireadh isteach leis an iarratas, agus aon aighneachtaí a rinneadh le linn na tréimhse comhairliúcháin, lena n-áirítear ag baill an phobail. Déanfaidh an AA machnamh cé acu an féidir na tionchair fhéideartha a sainaithníodh ag céim na scagthástála a sheachaint nó a laghdú trí bhearta maolaithe a chur i bhfeidhm sa chaoi is nach mbeidh apn torthaí diúltacha ar shláine an tsuímh Natura 2000 ann mar thoradh ar an bhforbairt atá beartaithe.

## 23. Cad iad na céimeanna eile de AA?

Má dhéantar an breith mar thoradh ar an bpróiseas AA nach féidir a bheith cinnte nach mbeidh droch-thionchair ann, is féidir bealaí roghnacha a leanúint d'fhonn bronnadh chead pleanála a éascú. Áirítear sna bealaí seo scrúdú ar réitigh roghnacha, agus próiseas reachtúil sonrach áit a mheastar gur chóir ligean do na tograí leanúint ar aghaidh do Cúiseanna Riachtanacha le Leas Sármhaith an Phobail (IROPI). Níl na próisis seo coitianta i gcóras pleanála na hÉireann.

## 24. Cad a tharlaíonn má éilíonn forbairt údaráis áitiúil AA?

Má éilíonn forbairt údaráis áitiúil AA, ní mór don údarás áitiúil iarratas a dhéanamh leis an mBord Pleanála ar chead agus NIS a chur isteach. Ní mór don údarás áitiúil fógraí a fhoilsiú agus deis a bheith ag an bpobal aighneachtaí a dhéanamh.

Aon bhall den phobal a chreideann gur dócha go mbeadh tionchar suntasach ah forbairt atá beartaithe ag údarás áitiúil ar shuíomh Natura 2000, is féidir leo iarratas a dhéanamh leis an mBord Pleanála ar chinneadh cé acu an amhlaidh atá an cás.

Má aontaíonn an Bord Pleanála leis an duine a rinne an aighneacht ní mór don údarás aitiúil NIS a ullmhú agus iarrtas a dhéanamh leis an mBord Pleanála ar chead.

## Clabhsúr

Tá an dlí lena rialaítear an córas pleanála, lena n-áirítear riachtanais SEA/EIA/AA, leathan, agus leagtar amach é san Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000, mar a leasaíodh agus na Rialacháin um Pleanáil agus Forbairt 2001 mar a leasaíodh. Is féidir leat iad seo a cheannach ó Oifig Foilseachán an Rialtais, trí ghlaoch a chur ar an ionad glaonna ar (046) 9423100 nó ag publications@opw.ie nó iad a íoslódáil saor in aisce ó shuíomh gréasáin na Roinne Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta www.gov.ie/housing. Tá an reachtaíocht ar fáil freisin le feiceáil agus le híoslódáil ó: www.irishstatutebook.ie.

Ba chóir duit dul i gcomhairle le comhairleoirí atá cáilithe go gairmiúil má tá suim agat in aon cheann de na measúnachtaí timpeallachta a luaitear thuas.

**Oifig an Rialaitheora Pleanála**
An Ceathrú hUrlár (An Sciathán Thiar)
Teach na Páirce
Gráinseach Ghormáin
191-193A An Cuarbhóthar Thuaidh
Baile Átha Cliath 7
D07 EWV4

opr.ie
info@opr.ie
01 854 6700

Séanadh: Arna eisiúint Eanáir 2021. Arna uasdátú Meán Fomhair 2022. Cé gur glacadh gach cúram agus an bhileog eolais phleanála seo á hullmhú, ní ghlacann Oifig an Rialaitheora Pleanála aon fhreagracht agus ní thugann aon bharántas as cruinneas, iomláine nó nádúr cothrom le dáta na faisnéise a thugtar agus ní ghlacann aon dliteanas ag éirí as aon earráid nó easnamh. Tabhair fógra faoi aon earráid nó easnamh agus aon tuairim le r-phost chuig info@opr.ie